

RÁITEAS CAOMHNAITHE LEANAÍ

1. Ainm an Choláiste: Coláiste UISCE

2. Cineál na seirbhíse agus prionsabail chun daoine a chaomhnú ó dhíobháil (achomre ghearr ar an méid atá i gceist lenár seirbhís, an méid a dhéanann muid agus ár ngealltanais chun leanaí a chosaint):

Is Coláiste Gaeilge agus Ionad Eachtraíochta é Coláiste UISCE ina múintear Gaeilge bheo bhríomhar go hanamúil, go proifisiúnta agus go sábháilte tríd eachtraí ar muir is ar tír. Déanann muid sár-iarracht suíomh dearfach foghlama Gaelach a chothú. Léirímid meas ar chearta agus ar shábháilteacht a chéile agus déanaimid gach iarracht muid féin a iompar ar bhealach dearfach comhoibritheach.

Aithníonn Coláiste UISCE tábhacht an achta Tús Áite do Leanáí 2015 agus dearadh an polasaí caomhnaithe leanaí UISCE ag teacht le 'Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanáí' atá foilsithe ag An Roinn Leanáí agus Gnóthaí. Tá cóip ar fáil san oifig.

Tá cosaint an pháiste chun tosaigh i bpolasaithe an choláiste agus reáchtáiltear cúrsaí insealbhuíthe chun an oiliúint chuí a chur ar fáil don fhoireann ar fad chomh maith le hachomre & na príomhphointí a bheith curtha sna lámhleabhar éagsúla. Déantar insealbhú leis na baill fhoirne ar fad; múinteoirí, mná tí, teagascóirí, cinnirí, lucht na cistine, lucht tí, an fhoireann riaracháin, tiománaithe bus an choláiste ina measc.

3. Measúnú Riosca

Tá measúnú déanta againn ar aon phoitéinseal do dhíobháil do leanbh agus iad ag baint leas as ár seirbhísí, lena n-áirítear i réimse na sábháilteachta ar líne i gcás rochtain ar an idirlíon. Tá liosta thíos de na réimsí riosca sainaitheanta agus liosta de na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú.

	Riosca Sainaitheanta	Nós imeachta i bhfeidhm chun an riosca sainaitheanta a bhainistiú
1	Riosca díobhála leanaí mar gheall ar rochtain/úsáid neamhoiriúnach idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile	Tá polasaí agus measúnú riosca cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an gcoláiste chun eachtraí cúram leanaí a sheachaint. Tá an-bhéim curtha ar fheitheoireacht ghníomhach sa choláiste agus rota feitheoireachta do na sosanna ar fad don dá suíomh. Anuas air sin, tá córas "Inis Dúinn" i bhfeidhm sa choláiste. Cuirtear na páistí ar an eolas faoin gcóras ar an gcéad oíche sa choláiste agus arís sa lóistín. Tá fógraí Inis Dúinn crochta san ionad chomh maith le na tithe lóistín.
2	Riosca díobhála do pháiste faoi chúram an bhrú	Tá polasaí maoirsithe don chlós/áit súgartha ag an gcoláiste le cinntiú go ndéantar maoirsiú cuí ar leanaí le linn an teacht le chéile, scor agus sosanna eile agus i ndáil limistéir shonracha amhail na leithris, seomraí feistis srl. Reáchtáiltear cúrsaí traenála don fhoireann ar fad, mar chuid den traenáil sin clúdaítear na polasaithe; bulaíochta, cúram leanaí, dóiteáin,

		tinneas & timpistí, sábháilteacht & céadchabhair. Tá fógraí crochta timpeall an ionaid agus sna tithe lóistín maidir lenár bpolasaí “Inis Dúinn”.
3	Riosca díobhála de bharr bulaíochta	Tá polasaí cuimsitheach frithbhulaíochta ag an gcoláiste & déantar uasghrádú rialta air. Tá fógraí crochta maidir lenár gcóras “Inis Dúinn”. Bíonn ar a laghad dhá cheistiúchán bulaíochta curtha ar na daltaí le linn cúrsa coicise. Bíonn cruinniú laethúil ag duine den fhoireann teagaisc le na hardchinnirí agus faightear tuairisc lae ó na mná tí gach uile lá.
4	Riosca díobhála de bharr lóistín agus beathú na bpáistí	Reáchtáiltear cúrsa traenála don lucht feitheoireachta gach uile bhliain. Bíonn oíche thraenála ag na mná tí. Faigheann siad lámhleabhar agus fógraí; Cúram Leanaí, Inis Dúinn, Rialacha an Choláiste. Tá fógraí crochta maidir lenár gcóras Inis Dúinn. Bíonn cruinniú laethúil ag duine den fhoireann teagaisc le na hardchinnirí agus faightear tuairisc lae ó na mná tí gach uile lá.
5	Riosca díobhála de bharr taisteal agus gluaiseacht na bpáistí	Bíonn ar mhaoirseoir taisteal ar an mbus mór roimh dinnéar agus tar éis an chéilí agus bíonn cinnirí ar an mbus agus ag siúl le gach grúpa sna tithe.
6	Riosca díobhála do pháistí a bhfuil leochaileacht/riachtanais shonracha acu	Iarann muid ar thuismitheoirí muid a chur ar an eolas roimh ré má tá riachtanas faoi leith ag a mac/iníon. Leagtar amach plean meantóireachta faoi leith nuair is gá, cuirtear an fhoireann ar an eolas a bheith ar an airdeall ag cinntiú go bhfuil na daoine faoi leith sin socraithe síos agus sásta. Bíonn cruinnithe laethúla le na hardchinnirí agus tuairisc lae ó na mná tí.
7	Riosca díobhála mar gheall ar rochtain/úsáid neamh oiriúnach ag leanbh ar ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus gléas digiteach eile agus iad ag an gColáiste	Bailítear na gutháin agus tugtar ar ais iad ar feadh 20 nóiméad tar éis an dinnéir. Caithfear iad a úsáid sa bhialann/seomra suí, i radharc. Níl cead aon ghuthán aon áit eile san ionad ná sa teach cónaithe. Níl cead wifi a thabhairt do na scoláirí ar na cúrsaí Gaeilge. (Bíonn cead le linn séasúr na ngrúpaí ag brath ar an scoil). Cosc ar fhearais teicneolaíochta eile.
8	Riosca díobhála do leanbh ag duine de phearsanra an Choláiste	Cloíonn an Coláiste le riachtanais reachtaíocht ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus le ciorcláin cuí an ROS i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Anuas air sin, déantar oiliúint ionductaithe le na baill fhoirne ar fad maidir le caomhnú leanaí.

4. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas Caomhnaithe Leanaí de réir na riachtanas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, faoi *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta*, agus faoi *Cosaint Leanaí: Treoir do Pholasaí, Nósanna Imeachta agus Cleachtas* le Tusla. Chomh maith leis na nósanna

imeachta a bhfuil liosta díobh inár measúnú riosca, tá na nósanna imeachta seo a leanas mar thacaíocht dár rún chun leanaí a chosaint agus iad ag baint leas as ár seirbhís:-

- Nós imeachta chun bainistiú a dhéanamh ar líomhaintí drochúsáide nó mí-iompair in aghaidh oibríthe/oibríthe deonacha i leith linbh ag freastal ar an gColáiste;
- Nós imeachta chun oibríthe agus oibríthe deonacha a earcú agus a roghnú ar bhealach slán chun obair a dhéanamh le leanaí;
- Nós imeachta le haghaidh soláthar agus rochtain ar oiliúint agus eolas caomhnaithe leanaí, lena n-áirítear sainathint ar eachtraí díobhála;
- Nósanna imeachta chun ábhair imní cosanta nó leasa leanaí a thuairisciú do Tusla;
- Nósanna imeachta chun liosta a choinneáil de dhaoine (más ann dóibh) sa tseirbhís chuí ar daoine sainordaithe iad;
- Nósanna imeachta chun duine cuí a cheapadh agus tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ceaptha ag coiste stiúrtha an choláiste;
- Tá cóip de Ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanáí curtha ar fáil do gach ball den fhoireann, do gach ball nua agus do na teaghlaigh áitiúla;

Tá na nósanna imeachta uile sa liosta ar fáil ach iad a iarraidh.

5. Feidhmiú

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an feidhmiú. Tá ár seirbhís tiomanta d'fheidhmiú an Ráitis Caomhnaithe Leanáí seo agus do na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag baint leas as ár seirbhís. Déanfar an Ráiteas Caomhnaithe Leanáí seo a athbhreithniú ar 15/5/2021, é sin nó chomh praiticiúil agus is féidir tar éis aon athrú ábhartha teacht aníos i ndáil le haon rud dá dtagraíonn an ráiteas.

Síniú: _____
(Stiúrthóir an Choláiste)

Ainm agus Sonraí Teagmhála an Stiúrthóra: __

Ciarán Ó Murchú

Coláiste UISCE

Cuan Eilí

O.P. an Chlochair

I gcás fiosruithe, déan teagmháil leis an Duine Cuí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Ainm an Duine Chuí: Ciarán Ó Murchú

Fón: 09782111

Ríomhphost: ciaran@uisce.ie

Tá sonraí teagmhála an Teagmhálaí Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil thíos:-

Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Ciarán ó Murchú

Fón: 09782111

Ríomhphost: ciaran@uisce.ie

Leas-Teagmhálaí Ainmnithe

Ainm: Caitríona Ní Mhaoineacháin

Fón: 09782111

Ríomhphost: caitriona@uisce.ie